Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**12210/20**
**ADD 1**

| | |
|---|---|
| **ENV 652** | **ENER 388** |
| **CLIMA 276** | **ECOFIN 958** |
| **AGRI 376** | **DEVGEN 142** |
| **FORETS 34** | **SUSTDEV 138** |
| **MARE 28** | **RELEX 798** |
| **PECHE 339** | **WTO 285** |
| **SAN 373** | **ONU 59** |
| **RECH 412** | **FAO 25** |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 23 Deireadh Fómhair 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11829/20 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8219/20 + ADD 1 - COM(2020) 380 final |
| Ábhar: | Bithéagsúlacht - an gá atá le gníomh práinneach<br>- Conclúidí ón gComhairle<br>= ráitis |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas ón tSualainn agus ón Laitvia, agus ráitis ón Ungáir agus ón bPolainn maidir leis na Conclúidí ón gComhairle a d'fhormheas an Chomhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020.

Cuirfear na ráitis i miontuairiscí chruinniú na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

**An tSUALAINN agus AN LATVIA**

Tacaíonn an tSualainn agus an Laitvia leis na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBithéagsúlacht – an gá atá le gníomhaíocht phráinneach. Forchoimeádann an tSualainn agus an Laitvia, áfach, an ceart chun an fhoraois phríomhúil a shainiú i gcomhréir le himthosca náisiúnta go dtí go gcuirfidh na Ballstáit bailchríoch ar na próisis rannpháirtíochta maidir le sainmhínithe atá le húsáid san Aontas agus go dtí go gcomhaontóidh siad iad.

**AN UNGÁIR**

Is í an bhithéagsúlacht crann taca na beatha. Tá rannchuidiú gníomhach earnálacha éagsúla, lena n-áirítear earnáil na talmhaíochta agus earnáil na foraoiseachta, ríthábhachtach chun an bhithéagsúlacht a chosaint.

Cuireann an Ungáir i bhfios go láidir, áfach, gur cosúil go bhfuil sé dodhéanta roinnt de na spriocanna a chuir an Coimisiún Eorpach chun tosaigh a bhaint amach nó go bhféadfaidís ualach díréireach a chur ar leibhéal na mBallstát. Measaimid go háirithe nach féidir an laghdú 50 faoin gcéad ar úsáid iomlán lotnaidicídí ceimiceacha agus sprioc 25 % na feirmeoireachta orgánaí a chomhlíonadh laistigh de thráthchlár na straitéise ar leibhéal na mBallstát. Ina theannta sin, ní mór soiléiriú breise a dhéanamh ar an mbonn eolaíoch agus ar na príomhshainmhínithe a bhaineann leis an síneadh atá beartaithe ar limistéir faoi chosaint agus limistéir atá faoi dhianchosaint.

Cuireann an Ungáir i dtreis gur cheart go mbeadh reachtaíocht chun tacú le cur chun feidhme na straitéise bunaithe i ngach cás ar mheasúnuithe tionchair mionsonraithe ar leibhéal na mBallstát.

Cuireann an Ungáir i dtreis gur creat agus ionstraim éifeachtach é bainistiú inbhuanaithe foraoisí chun bithéagsúlacht foraoise a chothabháil agus a fheabhsú. Ba cheart an coincheap sin a mheas i gceart agus a léiriú sa Straitéis Foraoise de chuid an Aontais atá ar na bacáin, go háirithe trí straitéisí ábhartha a chur chun feidhme.

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an méid a chuireann an Comhbheartas Talmhaíochta le cuspóirí na Straitéise Bithéagsúlachta bunaithe ar chúlra láidir dlíthiúil agus go mbeidh sé i gcomhréir leis na cistí atá ar fáil. Níor cheart d'fheirmeoirí ná d'úinéirí foraoise cloí ach leis na ceanglais atá ionchorpraithe sna bunghníomhartha nó i reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais. Ós rud é go bhfuil sé i gceist nach mbeidh ceanglas dlí ag baint leis na moltaí atá le teacht ón gCoimisiún i leith pleananna straitéiseacha náisiúnta maidir leis an gcaoi ar féidir aghaidh a thabhairt ar chuspóirí na Straitéise Bithéagsúlachta agus na Straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', ní féidir leo ach treoir bhreise a thabhairt do na Ballstáit, ar treoir í a fhéadfaidh siad a chur san áireamh agus a bPleananna Straitéiseacha náisiúnta faoi CBT á ndréachtú acu. Dá bhrí sin, níor cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar Phleananna Straitéiseacha náisiúnta ach amháin le tagairt do chritéir a bhfuil bunúis dlí iomchuí leo. Má roghnaíonn Ballstát roghanna beartais éagsúla seachas na moltaí ón gCoimisiún, níor cheart aon iarmhairtí dlíthiúla a bheith i gceist leis sin i ndáil leis na Pleananna Straitéiseacha náisiúnta faoi CBT a ghlacadh.

**AN PHOLAINN**

Tacaíonn rialtas na Polainne i gcoitinne leis an ngá le gníomhaíochtaí coiteanna a chosaint agus a ghabháil de láimh san Aontas, ar gníomhaíochtaí le haghaidh na bithéagsúlachta san Aontas iad, atá fíorthábhachtach chun beatha na ndaoine ar an Domhan a áirithiú, agus chun freastal ar a riachtanais bhunúsacha.

Chun cur chun feidhme éifeachtach Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais agus a cuspóirí a áirithiú, is gá don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit páirt a ghlacadh i dteannta a chéile i bhforbairt na n-uirlisí is gá lena cur chun feidhme. Ar an gcaoi sin, beifear in ann bearta is féidir a chur chun feidhme a ghlacadh, ar bearta iad atá bunaithe ar chritéir shoiléire intuigthe.

Sa chomhthéacs sin, cuireann rialtas na Polainne i dtreis go láidir go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach a áirithiú go mbeidh na Ballstáit rannpháirteach go dáiríre i bhforbairt na sainmhínithe, lena n-áirítear an sainmhíniú ar dhianchosaint, chomh maith le critéir agus treoir a fhorbairt chun limistéir chosanta bhreise agus conairí éiceolaíocha breise a shainaithint agus a ainmniú, agus treoir a thabhairt maidir le gnáthóga agus speicis a roghnú chun a áirithiú go mbeidh stádas fabhrach ag 30 % ar a laghad de na speicis agus de na gnáthóga atá faoi chosaint, mar a fógraíodh sa Straitéis, toisc go mbeidh tábhacht lárnach leo maidir le cur chun feidhme an doiciméid, agus go háirithe i léirmhíniú na bhforálacha atá ann.

Tá sé róluath a chinneadh sna conclúidí ón gComhairle maidir le modh dáilte na n-iarrachtaí chun spriocanna an Aontais a bhaint amach i measc na mBallstát. Creideann an Pholainn go háirithe nár cheart go gcinnfí ag an gcéim seo na gnéithe ba cheart a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an gcuid de sprioc an Aontais a leithdháilfear ar Bhallstáit aonair. Beidh an próiseas sin ríthábhachtach chun cuspóirí na Straitéise a bhaint amach agus beidh gá le hanailís chríochnúil a dhéanamh air sna Ballstáit.

Ag an am céanna, tacaíonn an Pholainn leis an ngá atá le héiceachórais foraoise shláintiúla athléimneacha a choimeád a bheidh in ann a lán feidhmeanna a chomhlíonadh. Mar sin féin, i ndálaí na hEorpa, níor deimhníodh an tráchtas maidir le meath na bithéagsúlachta i bhforaoisí bainistithe; i gcodarsnacht leis sin, tá samplaí ann de mheath na bithéagsúlachta sna foraoisí atá faoi dhianchosaint. Cuireann an Pholainn in iúl nár glacadh sainmhínithe, lena n-áirítear sainmhíniú ar fhoraoisí cianaosta, tráth a formheasadh an straitéis. Tá an sainmhíniú ar an téarma seo á phlé faoi láthair agus is deacair an toradh deiridh a thuar. Sa chás sin, agus éagsúlacht na ndálaí nádúrtha i mBallstáit aonair á cur san áireamh, is deacair labhairt freisin faoi ainmniú agus faireachán a dhéanamh ar fhoraoisí neamhshainithe agus faoi na modhanna chun iad a chosaint. Dar leis an bPolainn, ba cheart sainmhíniú a chur i láthair, comhairliúcháin a dhéanamh leis na Ballstáit agus ionsamhlú a dhéanamh ar an limistéar a chlúdaíonn na foraoisí sin, mar aon le meastachán a dhéanamh ar éifeachtaí socheacnamaíocha a ndianchosanta.

Ba cheart a chur in iúl go láidir, i gcomhthéacs na n-athruithe aeráide atá tugtha faoi deara, a bhfuil sé deacair a scála agus a n-iarmhairtí a thuar, go bhfuil an measúnú ar a n-éifeachtaí ar an gcomhshaol ag éirí níos dúshlánaí freisin. D'fhéadfadh sé, mar thoradh ar an neamhábaltacht freagairt ar shuaitheadh freisin sna limistéir sin a d'fhéadfaí a shainmhíniú mar fhoraoisí cianaosta go rachaidh coimpléisc foraoise iomlána i léig, agus d'fhéadfadh sé go gcaillfeadh cuid acu a luachanna agus a bhfeidhmeanna nádúrtha ar bhealach nach féidir a fhreaschur. Ba cheart a chur i dtreis go láidir gur bainistíodh agus go mbainistítear foraoisí sa Pholainn ar bhealach inbhuanaithe, agus urraim á tabhairt don éagsúlacht bhitheolaíoch, agus a bhuíochas ar chur chuige inbhuanaithe maidir le hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní nádúrtha, tá líonra de chineálacha éagsúla cosanta dúlra i bhfeidhm. Tá bainistiú acmhainní foraoise bunaithe ar shamhail um bainistiú inbhuanaithe foraoisí a áirithíonn inbhuanaitheacht, leanúnachas agus beogacht foraoisí, rud a sholáthraíonn ag an am céanna foscadh agus gnáthóg do go leor speiceas. Dá bhrí sin, tá imní ar leith ar an bPolainn go mbeidh éifeachtaí dearfacha breise ag na gníomhaíochtaí atá beartaithe faoin Straitéis, ar an gcéad dul síos, ar oidhreacht nádúrtha an Aontais agus na mBallstát aonair ar fad, agus ar dhálaí maireachtála agus sláinte na saoránach uile.